Tuairisc ar Fhéinmheastóireacht Scoile agus Plean Feabhsúcháin Scoile

Tá tuairisc ar an obair atá déanta go dtí seo ar shuíomh na scoile. Bhain na feabhsaithe go dtí seo le Gaeilge ó bhéal, Matamaitic, Léitheoireacht agus Cur i láthair sna cóipleabhair). Seo an 6ú uair tabhairt faoin bproiséas feabhsúcháin. (PFS 6 a ghlaoimid air). Chomh maith leis an tuairisc seo bhí tuairisc ón Roinn Cigireachta ar an nGaeilge sa scoil agus beimid ag díríú ar na moltaí sa tuairisc sin a chur i bhfeidhm ar dtús. * nóta ag an mbun faoi thuairisc na gcigirí

PFS 6- 2018/9 to 2020

Don tréimhse os ár gcomhair beimid ag díriú ar "**Scríbhneoireacht"** sa Ghaeilge agus sa Bhéarla. (ní díreach peannaireacht atá i gceist le scríbhneoireacht ach gach gné/scil a bhaineann le dul i mbun rud a scríobh)

Bhíomar ag bailiú eolais ar an topaic seo i rith Téarma 2 agus Téarma 3 de 2017/18 idir

- Plé idir na Múinteoirí
- Suirbhé agus caint le grupaí de pháistí
- Suirbhé ar na múinteoirí
- Féachaint ar shamplaí d'obair scríofa ag na páistí.

Na Tátáil

1. Den chuid is mó is maith le páistí a bheith i mbun scríbhneoirecahta ar scoil 64%.
   (arsa na páistí: Tá taitneamh ag baint leis, is slí é dul isteach i domhan eile, éiríonn an peannaireacht níos fearr-daoine eile a deir go bhfuil sé deacair focail a litriú, deacair smaointí a chur ar pháipéar agus leadránach)

2. Is fearr leo a bheith ag scríobh as Béarla ná Gaeilge. (60% a roghnaigh Béarla)

3. Den chuid is mó níl tuiscint ceart acu ar na Seanraí Scríbhneoireachta (thuig 21% an brí le seanra).

4. Níl a fhios ag roinnt páistí an bhfuil siad “go maith” ag scríobh nó nach bhfuil (níl a fhios ag 42%)

5. Taitníonn sé go mór le páistí cead a fháil peann a úsáid (R4 nuair atá sé toillte de thoradh scríbhneoireacht maith ceangailte) ach is léir nach bhfuil gach uile páiste ábalta an scríbhneoireacht ceangailte a dhéanamh i gceart, mar sin tá difrealú de dhíth sa phlean seo.

6. Tá sé soiléir óna cóipleabhair go bhfuil caighdeán ard tríd na scoile ar obair a chur i láthair go néata (feabhas mór ar 3 bhliain ó shin).

7. Ba mhaith le roinnt dena páistí níos mó scéalta, tionscnaimh agus dánta a scríobh.

8. Tá saor scríbhneoirecaht in úsáid ag 50% dena ranganna go rialta (ina bhfaigheann na páistí scríbhneoireacht gan brú/rialacha ar feadh 5-10 nóim)

9. Beidh “an scríbhneoireacht” mar atá leagtha amach sa Churaclam Teanga nua i bhfeidhm tríd na scoile ó MF 2018 agus chun tacú le seo tá teimpléid pleanála, agus tuilleadh traenáil ar phróiséas scríbhneoireachta agus an gCuraclam Nua de dhíth.

Fócas

1. Beimid ag díriú ar shlite nua chun scríbhneoireacht a dhéanamh níos taitneamhaí agus suimiúla dona páistí agus chun “scríbhneoirí” a dhéanamh astu. (Modh an ceardlann scríbhneoireachta)
2. Beimid ag díriú ar phlean na seanraí scríbhneoireachta sa scoil a fhorbairt tuilleadh.
3. Beimid ag déanamh tuilleadh forbairt ar Cur i bhfeidhm an Curaclam teanga Nua sa Scríbhneoireacht

Plean Feabhsúchain scoile 2018/19

Sprioc	Gníomh	Cé atá i gceannas	Criteir Rathúlach	Athruithe ar an slí	Amlíne
Moltaí na gcigirí a chur i bhfeidhm					**MF- Nollag 2018 agus athbhreiniú Aib 2019**
Traenáil foirne ar an gceardlann scríbhneoireachta	**3 lá traenála (ag am uair PÁC)**	**POide/ PDST**	**Go mbeadh Cúrsa 3 lá déanta ag an bhfoireann roimh Nollaig**		**MF- Nollag 2019**
Ceardlann scríbhneoireachta a chur i bhfeidhm tríd na scoile agus páistí ag baint taitneamh as	**Ceachtanna nua ar an scríbhneoireacht a chur i bhfeidhm i ngach seomra ranga**	**M. Karla**	**Suirbhé ar na páistí le torthaí dearfacha**		**MF- Nollag 2019 Suirbhe i Mí Eanáir 2019**
Saorscríbhneoireacht a fhorbairt	**3 uair sa tseachtain 5-10 nóim ag gach rang**	**M. Deirdre/ M. Karla**	**Cóipleabhar leathlán roimh Nollag**		**MF- Nollag 2018**
Curaclam Teanga- traenáil breise ag an bhfoireann	**Lá traenála**	**POide**	**Go mbeidh fios ag gach oide ar conas dul i mbun mionchéimeanna don scríbhneoireacht a mhúineadh**		**5Ú DF**
Plean seanraí a scríobh agus a roinnt	**Plean a scríobh/roinnt/a phlé**	**POide**	**Go mbeidh plean soiléir ar seo ag gach oide**		**DF 2018**

Téimpleid Pleanála a fhorbairt don scríbhneoireacht		**POide/ M, Karla/ M. Deirdre**	**Go mbeidh teimpléid soileir á úsaid tríd tríd na scoile ó MF**		**MF 2018**
Balla Scríbhneoireachta na scoile a chruthú/ a choinneáil	**Samplaí d'obair na bpáistí a chur ar thaispeáint + caint faoi ag tionóil**	**Múinteoirí ina mbeirteanna**	**Go beidh balla uasdátaithe gach téarma sa halla le seanra nua ar thaispeáint**		**Athruithe ag tús gach téarma**
Comórtais peannaireachta/ scríbhneoireachta a rith sa scoil	**Comórtas a fhógairt, rith sa scoil**	**Coiste na bpáistí faoi stiúr M. Deirdre**	**Feabhra 2019**		**Feabhra 2019**
Monatóireacht ar dhul chun cinn (an pleanáil/ an balla/ modh an cheardlainne/ Curaclam nua)	**Cruinniú gach Céadaoin tar eis scoile chun píosa amháin den phlean a phlé- le tuairisc go dtí an Bord ag gach cruinniú boird.**	**POide/ M. Karla/ M. Deirdre**	**Go bhfuil cultúr an imleabú ar bun sa scoil ar na feabhsaithe**		**Gach Céadaoin+ gach cruinniú Boird**

*Tuairisc an Chigire ar an nGaeilge sa scoil

Bhí 3 mholtaí ag na cigirí dúinn :

1. Ba chóir d'oidí níos mó béime a chur ar scileanna neamhspleácha teanga na ndaltaí ar bhonn chomhtháite. **(ár sprioc ná seo a chinntiú i rith 2018/19)**
2. Is gá an sprioctheanga agus na struchtúir chainte atá le sealbhú sa Ghaeilge a ainmniú go soiléir i bpleanáil agus i gcleachtas aonarach na n-oidí. **(ár sprioc ná seo a chinntiú roimh Nollag 2018/19 agus monatóireacht a dhéanamh air)**

3. Ní mór córas measúnaithe scoile uile a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun gnóthachtáil na ndaltaí sa teanga a mheas go rialta agus an t-eolas a úsáid mar threoir don teagasc agus don fhoghlaim. **(ár sprioc ná seo a chur i bhfeidhm DF 2018)**

Bhíomar ag obair orthu seo agus leanfaimid linn an bhliain seo chugainn.

***Inspector Report** had 3 recommendations for more effective teaching of Irish language:

1. Teachers should place greater emphasis on the pupils' independent language skills on an integrated basis.
2. The target language and oral structures to be acquired in Irish must be clearly specified in the teachers' individual planning and practice.
3. A whole-school approach to assessment should be developed and implemented in order to regularly assess pupils' attainment in the language and to use this information as a guide for teaching and learning.

We have been working on these recommendations since our Inspector visit and will work on embedding and monitoring the improved practices next year

Plean Feabhsúcháin Scoile -achoimre

Don bhliain seo chugainn beimid sa scoil ag díriú ar an Scríbhneoireacht sa scoil a fheabhsú sa Ghaeilge agus sa Bhéarla, ‘sé sin gach gné a bhaineann le rud a scríobh agus ba mhaith linn scríbhneoirí óga a fhorbairt sa scoil. Beimid freisin ag obair ar mholtaí an chigire maidir leis an nGaeilge a chur i bhfeidhm freisin. (féach thíos)

Rinneamar suirbhé ar na páistí roimh an samhradh, chomh maith le féachaint ar an obair scríofa sa scoil. Tá tuilleadh sonraí ar an suíomh idirlíon (PFS 6). Ba mhaith linn dearcadh dearfach a chruthú i measc na páistí timpeall ar an scríbhneoireacht.
Beimid ag rith comórtais peannaireachta agus scríbhneoireachta sa scoil, beimid ag iarraidh ar na páistí níos mó scéalta, dánta agus tionscnaimh a scríobh, beimid ag ligint dona páistí scríobh go “saor” (gan rialacha) cúpla uair gach seachtain agus ag fáil traenáil ar mhodhanna nua. Beimid ag cur an Curaclam Teanga nua i bhfeidhm chomh maith. Is féidir an plean iomláin a léamh ar an suíomh idirlíon. Beidh tuairisc ar an dul chun cinn i rith na bliana.

For the coming year we will be focussing on improving “Writing” in Irish and English throughout the school- that is every aspect of writing and we want to make little writers out of the páistí. We will also be working on implementing the recommendations of the Inspector for the subject of Irish. (see below)

We surveyed the children before the summer and looked at their written work. The results and more details are on the website. (under PFS 6). We want to create a positive attitude to Writing in the school. We will run writing and handwriting competitons in the school, we will be asking the children to write more stories, poems and projects, we will be asking them to do “free” writing a few times a week (writing without rules- just “letting go” so to speak), and getting trained up on new methods. We will be also implementing the New Language Curriculum as required by Department.

We will post how we are doing throughout the year.

*Tuairisc an Chigire ar an nGaeilge sa scoil

Bhí 3 mholtaí ag na cigirí dúinn :

1. Ba chóir d'oidí níos mó béime a chur ar scileanna neamhspleácha teanga na ndaltaí ar bhonn chomhtháite. **(ár sprioc ná seo a chinntiú i rith 2018/19)**
2. Is gá an sprioctheanga agus na struchtúir chainte atá le sealbhú sa Ghaeilge a ainmniú go soiléir i bpleanáil agus i gcleachtas aonarach na n-oidí. **(ár sprioc ná seo a chinntiú roimh Nollag 2018/19 agus monatóireacht a dhéanamh air)**
3. Ní mór córas measúnaithe scoile uile a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun gnóthachtáil na ndaltaí sa teanga a mheas go rialta agus an t-eolas a úsáid mar threoir don teagasc agus don fhoghlaim. **(ár sprioc ná seo a chur i bhfeidhm DF 2018)**

Bhíomar ag obair orthu seo agus leanfaimid linn an bhliain seo chugainn.

***Inspector Report** had 3 recommendations for more effective teaching of Irish language:

1. Teachers should place greater emphasis on the pupils' independent language skills on an integrated basis.
2. The target language and oral structures to be acquired in Irish must be clearly specified in the teachers' individual planning and practice.
3. A whole-school approach to assessment should be developed and implemented in order to regularly assess pupils' attainment in the language and to use this information as a guide for teaching and learning.

We have been working on these recommendations since our Inspector visit and will work on embedding and monitoring the improved practices next year